

---

# Polasaí Gaeilge

---

## Seirbhís Cois Cósta Bhaile'n Sceilg

**Seirbhís Pobail Cois Cósta ag feidhmiú i mBá Bhaile'n Sceilg agus sa cheantar cósta máguaird.**

---

### 1.0 Réamhrá.

---

Tá an tseirbhís seo le bheith lonnaithe i gceantar Gaeltachta, agus is ón bpobal áitiúil a tháinig an spreagadh chun a bhunaithe. Tá sé nádúrtha mar sin go mbeadh tús áite ag an nGaeilge in imeachtaí an eagrais.

An méid sin ráite, i gcásanna áirithe beidh sé oiriúnach teangacha eile a úsáid: mar shampla caidreamh dá-theangach Gaeilge/Béarla a dhéanamh le lucht tacaíochta ar fud na tíre, nó Béarla amháin le saoir báid thar lear.

### 2.0 Plean Teangan

---

#### 2.1 Ainm an Chomhluchta

Deineadh an eagraíocht a ionchorprú leis an ainm “Ballinskelligs Inshore Rescue Ltd.”, ach díreach ina dhiaidh sin chláraíodh “Seirbhís Cois Cósta Bhaile'n Sceilg” mar ainm ghnó d'úsáid na cuideachta.

#### 2.2 Cúrsaí Bainc

Beidh an ainm Gaeilge amháin ar leabhar seice an chomhluchta.

#### 2.3 Comhfhreagras

Tá páipéar oifigiúil an chomhluchta curtha i gcló, agus an mioneolas dlíthiúil ar fad i nGaeilge agus i mBéarla. Scríobhfar litreacha chuig Ranna Rialtais agus Oifigí Stáit i nGaeilge de gnáth, nó dá-theangach i gcásanna áirithe má bhíonn gá leis.

## **2.4 Plé leis na meáin**

Cuirfear tuairiscí agus ábhar fáisnéise eile ar fáil i nGaeilge nó dá-theangach, ag braith ar an lucht léite. Go ginearálta beidh ticéidí dá-theangach, ach cló níos mó ag an nGaeilge. Má thugann dream ar bith urraíocht don eagraíocht, tabharfar aitheantas dóibh i nGaeilge.

## **2.5 Ócáidí Poiblí**

Déanfar teastais traenála, duaiseanna chrannchuir srl. a bhronnadh trí Gaeilge. Mar an gcéanna le oscailt oifigiúil áiseanna agus treallaimh nua.

## **2.6 An tigh bháid**

Cuirfear ainm Gaeilge na heagraíochta ar Éadaí Sábháilteachta, ar an mbád, agus ar an dtaobh amuigh den dtigh bháid. Ar an dtaobh istigh, bainfear úsáid as comharthaí Gaeilge chomh maith.

## **2.7 Oifigeach Gaeilge**

Tá oifigeach ainmnithe ar an gcoiste chun na spriocanna thuasluaite a chur chun cinn.